

T

INSTITIÚID TÉATAIR na hÉIREANN

Tuarascáil ar Thorthaí Taighde  
**Playography na Gaeilge:**  
1975-2009

# Playography na Gaeilge 1975-2009: Clár Ábhair

2	Réamhrá	16	Ionaid
3	Playography na Gaeilge – Sainmhíniú	17	Na háiteanna inar taibhíodh drámaí Gaeilge
4	Mór-Chompántais	18	Na cineálacha drámaí a taibhíodh don chéad uair le 10 mbliana anuas
7	Croineolaíocht na nDrámaí Nua	19	Cúlra - paraiméadair thaighde, foinsí eolais agus creidiúintí
8	Líon na nDrámaí Nua i PLAYOGRAPHYIreland		
9	Creidiúintí na nDrámadóirí: drámaí nua & athchóirithe/aistriúcháin		
12	Drámadóirí ag scríobh as Gaeilge agus as Béarla araon		
13	Drámaí Dhátheangacha agus Trítheangacha		
14	Creidiúintí Taibhithe		
15	Compántais Téatair		

# Playography na Gaeilge 1975-2009: Réamhrá

Amach as an tobar céanna, is é sin le rá nach mbíonn inti ach seal, a thagann dhá bhuntréith na hamharclannaíochta: iontas agus cruáil. Sa lá atá inniu ann dealraíonn sé gur féidir gach aon ní a chóipeáil arís agus arís eile gan stad. Ní hamhlaidh don amharclannaíocht atá luachmhar toisc nach mbíonn athrá riamh i gceist inti. Bíonn an t-aon léiriú amháin ag síorathrú ó bhonn fiú ó oíche go chéile, gach aon nóiméad ag éalú leis ach é fós sainiúil as féin. Ach mar chuid den iontas úd bíonn fulaingt. Ní féidir méar a leagadh ar aon lorg ina diaidh: ní mír drámaíochta í an téacs ná fiú an taifeadh féin. Maireann an léiriú is breátha dá bhfuil againn faoi scáth dearmad na ndaoine. Níl aon leigheas air sin ach tá an cothromú ann. Is féidir cáipéisí a bhailiú, cnámha an traidisiúin a chaomhnú agus iad a dhí-adhlacadh más gá. Cé gur traidisiún daingean í an amharclannaíocht, mar sin féin bhí corrabhuais éigin a chothaigh meon teoranta is a rinne faillí sa chúram go bhféadfaí athbhreithniú agus athchruthú a dhéanamh ar an stór drámaí.

Is é PLAYOGRAPHYIreland an íocshláinte is fearr a chealaíonn an díchuimhne sin, agus anois cuireann seoladh Playography na Gaeilge (1975-2009) brí bhreise sa leigheas. Anois agus borradh faoi tá sé mar

chreat don taiscéalaíocht seachas go díreach mar stór cuimhní. De bharr na teicneolaíochta, tiocfaidh eolas cruinn as nithe a bhí a bheag nó a mhór ligthe i ndearmad, agus uaireanta bainfear geit asainn agus na torthaí á léamh. Is de thaisme b'fhéidir a thiocfaimid ar fhíricí suntasacha. Don chéad uair riamh tá stór mór cuimhní againn, canóin saothar nach bhfuil in aon slí cúng ná teoranta ach í ina gluaiseacht leathan follasach don saol. Gan dabht ar domhan, beidh an cruth nua seo ina inspioráid ní hamháin do lucht taighde agus staire ach d'earnáil na hamharclannaíochta féin. Spreagfar iad siúd chun dul ag tochailt i measc na gcéadléirithe, iad a shábháil ón díchuimhne agus solas léirithe a chaitheamh orthu, iad uair amháin eile go ceann seal beag os ár gcomhair.

**Fintan O'Toole, Aibreán 2010**

# Playography na Gaeilge 1975-2009: Sainmhíniú

Tá *Playography na Gaeilge* suite laistigh d'acmhainn PLAYOGRAPHYIreland de chuid Institiúid Téatair na hÉireann agus déanann sé comhlánú ar an Irish Playography, bunachar inchuardaigh de na drámaí Éireannacha nua ar fad (as Béarla) a léiríodh in Éirinn, Thuaidh agus Theas, ó 1904 i leith. Má roghnaíonn duine dul chuig suíomh *Playography na Gaeilge* trí nasc ar leathanach tí Irish Playography ([www.irishplayography.com](http://www.irishplayography.com)), tagann an duine ar rannóg atá go hiomlán as Gaeilge. Ní thugtar anseo ach sonraí ar na drámaí Gaeilge ar fad, agus tugtar an t-eolas ar fad as Gaeilge. Tá sé tábhachtach a mheabhú nach aistriúchán é *Playography na Gaeilge* ar phríomh-shuíomh Irish Playography. Aonad ann féin is ea é, agus ní féidir teacht ar eolas faoi dhrámaí as Béarla ón suíomh seo. Mar achoimre – is féidir teacht ar na drámaí ar fad, as Gaeilge agus as Béarla, ar Irish Playography agus níl i *Playography na Gaeilge* ach drámaí as Gaeilge. Déanfaidh Institiúid Téatair na hÉireann PLAYOGRAPHYIreland a nuashonrú ar bhonn reatha.

Catalóg chuimsitheach inchuardaigh ar líne is ea *Playography na Gaeilge* de na drámaí Gaeilge nua ar fad (agus leaganacha nua, athchóirithe agus aistriúcháin san áireamh) a léiríodh in Éirinn ag compántais amharclainne ghairmiúla, ionaid, féilte, léiritheoirí tráchtála agus léiritheoirí aon-uaire ó 1975 i leith. Ina theannta sin, cuimsíonn an chatalóg roinnt drámaí léirithe ag compántais amaitéaraigh agus eagrais leath-ghairmiúla áit a meastar go bhfuil tábhacht ar leith leis an saothar sa stór. Cuirfear catalóg iomlán *Playography na Gaeilge* i gcrích faoin mbliain 2011 agus áireofar na drámaí Gaeilge ar fad a léiríodh ó 1901 i leith in Éirinn, Thuaidh agus Theas.

Cuimsíonn *Playography na Gaeilge* 256 dráma, le hachóimre, liosta na n-aisteoirí, liosta na foirne agus sonraí ar an áit agus cén uair a tharla an chéad léiriú. Tá breis agus 100 drámadóir luaite ann, le heolas beathaisnéise sa chuid is mó de chásanna

agus, i gcás neart díobh, sonraí teagmhála dá saothar. Cuimsíonn an bunachar sonraí breis agus 1,000 taibheoir. Má dhéanann duine cuardach simplí le hainm aisteora taispeánfar na drámaí nua Gaeilge inar thaibhígh sé/sí. Aithníonn agus cláraíonn *Playography na Gaeilge* an rannpháirtíocht a bhí ag breis agus 600 de chleachtóirí amharclainne sa saothar nua seo, idir stiúrthóirí, dearthóirí, dearthóirí soilsithe, bainisteoirí stáitse, ealaíontóirí radharcra agus neart eile. Is féidir saothar na gcleachtóirí seo i ndrámaí nua Gaeilge a rianú le cuardach simplí ar ainm. I gcás na saothar foilsithe tugtar eolas iomlán bibleagrafaíoch. Tugtar eolas breise maidir le scrípteanna nach bhfuil foilsithe nuair is féidir.

Ní hé amháin go ndéanann *Playography na Gaeilge* stór amharclannaíochta na Gaeilge a shainiú agus a rianú don chéad uair, ach féachann sé leis an stór sin a athbheochan trí iliomad scrípteanna a bhí caillte a thabhairt chun solais arís agus trí thairseach a sholáthar chun na scrípteanna ar fad atá ann cheana a aimsiú agus chun cearta a ghlanadh dóibh. Ceadáíonn an suíomh gréasáin do scríbhneoirí leaganacha in-íoslódáilte dá ndrámaí a ghreamú le ceannach ag gairmeoirí amharclainne agus an lucht acadúil.

Féach leathanach cúil na tuarascála seo do na paraiméadair thaighde, liosta na bhfoinsí agus sonraí ar na daoine a chuidigh leis an taighde.

## **Anna Bale**

*Eagarthóir, Playography na Gaeilge*  
[www.irishplayography.com](http://www.irishplayography.com)

# Plavography na Gaeilge 1975-2009: Mór-Chompántais

## **An Taibhdhearc, Gaillimh (115 dráma nua le linn na tréimhse, 44.92%)**

D'oscail Taibhdhearc na Gaillimhe mar amharclann sa bhliain 1928 i nGaillimh, agus ard-mholadh bronnta, le Diarmuid agus Gráinne le Mícheál Mac Liammóir (1899 -1978). Toradh a bhí ann ar na blianta oibre inar éirigh le toscaireacht, díograiseoirí teanga ar nós an Dochtúra Séamus Ó Beirn, an Ollaimh Liam Ó Briain, an Ollaimh Tomás Ó Máille don chuid ba mhó, maoiniú £600 in aghaidh na bliana a fháil ón Aire Airgeadais, Earnán de Blaghd. Ba é Mac Liammóir an chéad stiúrthóir ealaíne agus ó shin i leith tá drámaí nua agus aistriúcháin as Gaeilge léirithe sa Taibhdhearc. Léiríodh saothar le scríbhneoirí mar Eoghan Ó Tuairisc, Críostóir Ó Floinn, Joe Steve Ó Neachtain agus Mícheál Ó Conghaile don chéad uair ann. Déanann An Taibhdhearc saothar nua a choimisiúnú agus eagraíonn Gradam Scríbhneoireachta Bháitear Uí Mhaicín, do dhrámaí nua go sonrach agus freisin eagraíonn sé ceardlanna amharclannaíochta agus cúrsaí do dhéagóirí trína fhiontar ar a dtugtar Na Crosáin. Scríos dóiteán an amharclann sa bhliain 2007, ach tá an Taibhdhearc ag léiriú drámaí in ionaid éagsúla i nGaillimh agus sa cheantar máguaird, go dtí go n-atógfar an amharclann.

## **Aisling Ghéar, Béal Feirste (26 dráma nua le linn na tréimhse, 10.15%)**

Is é Aisling Ghéar an t-aon chompántas amharclainne gairmiúil lánaimseartha in Éirinn a chuireann drámaí ar siúl trí mheán na Gaeilge. Bunaíodh i mBéal Feirste é, agus is é an compántas cónaitheach i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich ar Bhóthar na bhFál é. Bhunaigh Gearóid Ó Cairealláin agus Máire Andrews an compántas sa bhliain 1997 agus tá drámaí nua agus aistriúcháin léirithe go rialta aige i mBéal Feirste agus ar thuras timpeall na hÉireann. Cinntíonn Aisling Ghéar go bhfuil

a chuid léirithe inrochtana dóibh siúd nach bhfuil Gaeilge acu trí aistriúchán comhuaineach a sholáthar ag gach taibhiú. Is í Bríd Ó Gallchoir, a bhí ina Stiúrthóir Ealaíne le hAmharclann de hÍde roimhe seo, an Stiúrthóir Ealaíne.

## **Amharclann na Mainistreach, Baile Átha Cliath (22 dráma nua le linn na tréimhse, 8.5%)**

Tá stair Amharclann na Mainistreach, Amharclann Náisiúnta na hÉireann, cláraithe go maith ó bunaíodh í sa bhliain 1904. Cónasc ab ea an compántas ar dhá chompántas a bhí ann roimhe sin, an National Dramatic Society de chuid Frank agus W.G. Fay, a bunaíodh sa bhliain 1901 agus an Irish Literary Theatre a bhunaigh W.B. Yeats, Edward Martyn agus Lady Gregory sa bhliain 1899. Meastar go coitianta gurb é léiriú an Irish Literary Theatre sa 1901 de *Casadh an tSúgáin* le Dubhghlas de hÍde, in Amharclann an Gaiety, an chéad léiriú ar dhráma as Gaeilge ar stáitse tráchtála. Is iomaí aisteoir agus cleachtóir amharclainne a chuir snas ar a scileanna ar stáitse na Mainistreach i ndrámáí Gaeilge thar na blianta. De ghnáth léiríodh drámaí Gaeilge ar stáitse na Péacóige ó 1969 i leith. Sa bhliain 2009 léirigh Amharclann na Mainistreach léamha cleachtaithe de thrí dhráma Gaeilge nua le hAodh Ó Domhnaill, Celia de Fréine agus Dave Duggan. Is é Fiach Mac Conghail stiúrthóir Amharclann na Mainistreach.

## **Amharclann de hÍde, Baile Átha Cliath (12 dráma nua le linn na tréimhse, 4.6%)**

Bunaíodh Amharclann de hÍde sa bhliain 1992 i mBaile Átha Cliath, ar thionscnamh Phroinsias Mhic Aonghusa, ag An gComhairle Ealaíon agus Bord na Gaeilge mar chompántas gairmiúil amharclannaíochta Gaeilge. Bhí sé d'aidhm aige caighdeán ghairmiúla san aisteoireacht, sa scríbhneoireacht agus sa léiriú a fhorbairt agus a

# Plavography na Gaeilge 1975-2009: Mór-Chompántais

chur i láthair. Thar deich mbliana, rinne Amharclann de hÍde amharclannaíocht na Gaeilge ag scríbhneoirí ar nós Liam Uí Muirthile, Éilis Uí Dhuibhne, Alan Titley, Celia de Fréine agus eile a fhorbairt agus a léiriú. Ní raibh ionad buan ag an gcompántas ach léiríodh sé a dhrámaí in amharclanna éagsúla, i mBaile Átha Cliath don chuid ba mhó, cé go ndearna sé corr-thuras timpeall na hÉireann. Tháinig deireadh le hAmharclann de hÍde mar fhiontar is mar chompántas sa bhliain 2001.

## **An Damer, Baile Átha Cliath (10 dráma nua le linn na tréimhse, 3.9%)**

Bunaíodh An Damer mar amharclann Ghaeilge faoi choimirce Gael Linn sa bhliain 1955 agus bhí sé lonnaithe i Halla an Damer, 112 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath. Bhí ról lárnach aige i saol sóisialta Ghaeilgeoirí na cathrach ar feadh blianta fada. Le feidhmiú a 'Chlub Drámaíochta' chothaigh sé lucht féachana leanúnach agus dílis d'amharclannaíocht na Gaeilge agus ghin drámaíocht nua sa Ghaeilge. Léiríodh saothair le daoine mar Eoghan Ó Tuairisc, Breandán Ó Beacháin agus Mairéad Ní Ghráda don chéad uair ann. Cé gur eagras amaitéarach a bhí ann go bunúsach, d'fhostaigh An Damer stiúrthóirí gairmiúla ar nós Frank Dermody agus Thomáis Mhic Anna agus cuireadh oiliúint ar an-chuid d'aisteoirí agus stiúrthóirí óga na hamharclannaíochta Gaeilge ann. Tharraing Gael Linn maoiniú siar ón Damer sa bhliain 1976 agus, ina áit sin, bunaíodh compántas iomlán gairmiúil sa bhliain 1978 le hÁine Uí Dhrisceoil ina Stiúrthóir Ealaíne. Mhair an compántas gairmiúil seo ar feadh trí bliana sular dhún sé sa bhliain 1981.

## **Deilt, Baile Átha Cliath (10 dráma nua le linn na tréimhse, 3.9%)**

Compántas gairmiúil amharclainne agus teilifíse ab ea Deilt, a bhunaigh Ray Yeates sa bhliain 1983. Léirigh an compántas drámaí le scríbhneoirí mar Nuala Ní Dhomhnaill, Antoine Ó Flatharta, Gabriel Rosenstock, John Mc Ardle agus Seán McCarthy. Ón gcéad dul síos, bhí sé d'aidhm ag Deilt ábhar nuálach a chur ar fáil do mhúinteoirí Gaeilge. Ó 1987 ar aghaidh dhírigh Deilt a chuid iarrachtaí ar lucht féachana fásta a fhorbairt le hacmhainní teilifíse, scannáin agus físe. Ba mhír a bhain le suíomh ar leith é an chéad dráma a rinne Deilt do dhaoine fásta, *Daoine ar an Dart*, a léiríodh do chomaitéirí thar roinnt laethanta le linn Féile Drámaíochta Bhaile Átha Cliath 1987. Rinne siad comhléiriú ar *Bullaí Mhartaín* leis an gcompántas Na Fánaithe sa bhliain 1989. Tháinig deireadh le léirithe an chompántais go luath sna 1990í.

## **Na Fánaithe, Gaillimh (10 dráma nua le linn na tréimhse, 3.9%)**

Bhunaigh Diarmuid de Faoite, Marina Ní Dhubháin agus Trevor Ó Clochartaigh Na Fánaithe i gcathair na Gaillimhe sa bhliain 1987 agus ba é *Clog* an chéad léiriú. Mar chuid dá shaothar, dhírigh an compántas a iarrachtaí ar na coláistí samhraidh Gaeltachta agus d'eagraigh sé cúrsaí drámaíochta i gConamara. Rinne an compántas comhléiriú ar *Bullaí Mhartaín* le Deilt i 1989. Rinne an compántas turas ar fud na tíre lena dhrámaí agus sa bhliain 1992 tugadh cuireadh do na Fánaithe cuairt a thabhairt ar Andalucia na Spáinne chun a dhráma *Misiún ar Muir* a thaibhiú – athchóiriú ab ea é seo ar nóibhille de chuid an scríbhneora agus an fhile, Dara Ó Conaola. Rinneadh clár faisnéise teilifíse faoin dturas seo thar lear, *Exposé-Na Fánaithe i Seville*, a craoladh ar RTÉ 1 sa bhliain 1993. Scoir an compántas de bheith ag léiriú i lár na 1990í.

# Playography na Gaeilge 1975-2009: Mór-Chompántais

## **Graffiti Theatre Company, Corcaigh (9 dráma nua le linn na tréimhse, 3.5%)**

Compántas gairmiúil lonnaithe i gCorcaigh is ea Graffiti, a bhunaigh Emelie FitzGibbon sa bhliain 1984. Cuireann sé drámaíocht agus amharclannaíocht oideachasúil ar fáil don aos óg. I rith an ama sin, tá léirithe an chompántais feicthe ag breis agus milliún duine óg in Éirinn agus thar lear. Sa bhliain 1999 leathnaigh Graffiti a chlár chun amharclannaíocht na Gaeilge a chuimsiú agus tá sé tar éis roinnt drámaí nua, a choimisiniú, a léiriú agus a thógáil ar thuras le deich mbliana anuas. Feidhmíonn Graffiti óna fhoirgneamh athchóirithe i gcathair Chorcaí, áit a bhfuil spás taibhithe agus cleachtaithe, agus freisin tugann sé cuairt ar scoileanna ar fud na Mumhan agus deisceart Laighean.

## **Salamandar, Gaillimh (4 dráma nua le linn na tréimhse, 1.5%)**

Compántas gairmiúil, lonnaithe i nGaillimh is ea Salamandar, a bhunaigh Darach Ó Scolaí sa bhliain 2006. Tá sé d'aidhm ag Salamandar struchtúr a chur ar fáil dóibh siúd le buanna in aisteoireacht, i stiúrtóireacht agus i scríbhneoireacht na Gaeilge. Déanann an compántas scrípteanna nua a choimisiniú agus a léiriú agus, go dtí seo, bunsaothair ab ea na drámaí ar fad. Freisin, déanann Salamandar turais go forleathan in Éirinn. Comhléiriú leis an gcompántas damhsa Ciotóg ab ea A+E, ceann dá léirithe is déanaí.

## **Branar, Gaillimh (4 dráma nua le linn na tréimhse, 1.5%)**


Compántas d'amharclannaíocht-san-oideachas is ea Branar, atá lonnaithe i nGaillimh agus a bhunaigh Marc Mac Lochlainn sa bhliain 2001. Cruthaíonn sé ceardlanna, idir amharclannaíocht agus drámaíocht, don aos óg agus déanann sé turais, chuig scoileanna, féilte ealaíne do leanaí agus féilte eile ar fud na hÉireann go mór mór. Ní bhíonn léirithe Branar ag brath ar theanga ach úsáideann siad líon beag de thaibheoirí, ceol beo nuachumtha, láimhseáil chruthaitheach de nithe, puipéadóireacht agus stíleanna/modhanna agus teicnící na hamharclannaíochta fisiciúla.

*Agus tabhair faoi deara go n-áirítear:*


## **Aisteoirí Bulfin, Baile Átha Cliath (14 dráma nua, 5.4%)**

*Compántas amaitéarach amharclannaíochta bisiúil i mBaile Átha Cliath is ea Aisteoirí Bulfin, a bhunaigh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1967. Luaitear cuid dá shaothar i Playography na Gaeilge áit ar fostaíodh stiúrtóirí gairmiúla nó cleachtóirí amharclannaíochta gairmiúla eile dá léirithe. Meastar go bhfuil tábhacht ar leith lena shaothar ina iomláine ó tharla gurb iad Aisteoirí Bulfin an t-aon chompántas amharclannaíochta i mBaile Átha Cliath a bhí ag cur scríbhneoireacht agus léirithe nua as Gaeilge ar fáil ar feadh blianta fada agus ó tharla go bhfuil an compántas ag leanúint de bheith ag léiriú saothair Gaeilge le breis agus daichead bliain.*

# Playography na Gaeilge 1975-2009: Croineolaíocht na nDrámaí Nua



**Líon na ndrámái nua as Gaeilge: 256**





# Playography na Gaeilge 1975-2009:

## Líon na nDrámaí nua i PLAYOGRAPHYIreland

**Líon na nDrámaí Gaeilge: 256**

(14.5% de na drámaí ar fad i PLAYOGRAPHYIreland)

**Líon na mBundrámaí Gaeilge: 146**

(8.25% de na drámaí ar fad i PLAYOGRAPHYIreland)

**Líon na nAthchóirithe/na nAistriúcháin Ghaeilge: 110**

(6.25% de na drámaí ar fad i PLAYOGRAPHYIreland)

**Líon na nDrámaí Béarla: 1,512**


(85.5% de na drámaí ar fad i PLAYOGRAPHYIreland)

**Líon na mBundrámaí Béarla: 1,282**

(72.5% de na drámaí ar fad i PLAYOGRAPHYIreland)

**Líon na nAthchóirithe/na nAistriúcháin Béarla: 230**

(13% de na drámaí ar fad i PLAYOGRAPHYIreland)



Is é líon na ndrámáí nua scríofa as Gaeilge agus as Béarla sa tréimhse 1975 – 2009 ná 1,768

# Plavography na Gaeilge 1975-2009:

Creidiúintí na nDrámadóirí: drámaí nua, athchóirithe/aistriúcháin

Céadainm	Sloinne	Bundrámaí	Athchóirithe/ Aistriúcháin	Líon na nDrámaí
Gearóid	Ó Cairealláin	3	11	14
Máire	Stafford	9	5	14
Micheál	Ó Conghaile	4	5	9
Seán	Ó Carra	-	8	8
Aodh	Ó Domhnaill	7	1	8
Risteárd	Ó Broin	6	1	7
Pádhraig	Ó Giollagáin	7	-	7
Eoghan	Ó Tuairisc	6	-	6
Treasa	Uí Thiarnáin	5	2	7
Darach	Ó Scoláí	6	-	6
Antoine	Ó Flatharta	6	-	6
Síle	Ní Bhroin	3	2	5
Darach	Mac Con Iomaire	1	4	5
Críostóir	Ó Floinn	5	-	5
Marc	Mac Lochlainn	4	2	6
Trevor	Ó Clochartaigh	1	3	4
Seán	Mac Íomhair	-	4	4
Peadar	Ó Cúláin	-	4	4
Liam	Ó Muirthile	2	2	4
Macdara	Ó Fátharta	-	4	4
Pádraig	Ó Siocrú	4	-	4
Dara	Ó Conaola	2	1	3
Siobhán	Ní Shúilleabháin	3	-	3
Joe Steve	Ó Neachtain	3	-	3
Cathal	Ó Searcaigh	2	1	3
Seán	McCarthy	-	3	3

Céadainm	Sloinne	Bundrámaí	Athchóirithe/ Aistriúcháin	Líon na nDrámaí
Bríd	Ní Chatháin	-	3	3
Tom	MacIntyre	-	2	2
Máire	Holmes	2	-	2
Peadar	Cox	2	-	2
Diarmuid	de Faoite	1	1	2
Seán	Ó Briain	1	1	2
Seán	Mac Mathúna	2	-	2
Conor	Maguire	-	2	2
Celia	de Fréine	2	-	2
Éilís	Ní Dhuibhne	2	-	2
Ray	Mac Mánaís	2	-	2
Tomás	Mac Anna	1	1	2
Gearóid	Mac Unfraidh	2	-	2
Mícheál	Mac Cárthaigh	2	-	2
Tom Sailí	Ó Flaithearta	-	2	2
Gabriel	Rosenstock	2	-	2
Seán	Ó Broin	2	-	2
Charlie	McBride	-	2	2
Brian	Ó Riagáin	2	-	2
Aodhán	Ó Ríordáin	2	-	2
Uinseann	Mac Thomáis	1	1	2
Biddy	Jenkinson	2	-	2
Maria	Ní Mhurchú	2	-	2
Dónal	Mac Giolla Chóill	-	2	2
Mícheál	O Súilleabháin	1	1	2
Séamas	Mac Annaidh	-	2	2
Alan	Titely	2	-	2

# Plavography na Gaeilge 1975-2009:

Creidiúintí na nDrámadóirí: drámaí nua, athchóirithe/aistriúcháin

Céadainm	Sloinne	Bundrámaí	Athchóirithe/ Aistriúcháin	Líon na nDrámaí
Breandán	Ó Doibhlin	-	1	1
Domhnall	Mac Síthigh	-	1	1
Máire	Andrews	-	1	1
Pádraig	Ó Snodaigh	1	-	1
Mick Óg	McGee	-	1	1
Eoghan	Ó Néill	1	-	1
Deirdre	Nic Con Uisce	1	-	1
Fidelma	Ní Ghallchobhair	-	1	1
Séamas	Ó Scolaí	-	1	1
Fiadhnat	Ní Mheara	1	-	1
Máire	Nic Mhaoláin	-	1	1
Nuala	Nic Con Iomaire	1	-	1
Felicity	Hayes-McCoy	1	-	1
Colm	Ó Dálaigh	-	1	1
Jacqueline	Wardlaw	-	1	1
Breandán M	Mac Gearailt	1	-	1
Boscó	Ó Conchúir	-	1	1
Pádraig	Standún	-	1	1
Seán	Ó Lochlainn	-	1	1
Úna	Ní Chonchúir	-	1	1
Mícheál	Mac Cába	-	1	1
Manchán	Magan	1	-	1
Alex	Hijmans	1	-	1
Brian	Ó Broin	1	-	1
Peadar	De Búrca	1	-	1
Proinsias	Mac Mathúna	-	1	1
Ruth	Lysaght	1	-	1

Céadainm	Sloinne	Bundrámaí	Athchóirithe/ Aistriúcháin	Líon na nDrámaí
Ruairí	Ó Broin	1	-	1
Pól	Mag Uidhir	1	-	1
Mícheál	Ó Ceallaigh	-	1	1
Bairbre	de Barra	1	-	1
Maev	Nic Giolla Íosa	1	-	1
Brídín	Nic Dhonncha	-	1	1
Breandán	Ó hEaghra	1	-	1
Caitriona	Ní Chonaola	1	-	1
Liam	Mac Con Iomaire	-	1	1
Tomás	Mac Giolla Bhríde	1	-	1
Seán	Ó Coisdealbha	1	-	1
Pádraig	Ó Neachtain	-	1	1
Ré	Ó Laighléis	-	1	1
Cóilín	Ó Corrbhuí	1	-	1
Béarnard	Ó Conaill	-	1	1
Mairéad	Nic Dhonncha	-	1	1
Seán	Ó hÓráin	-	1	1
Lisa	McGee	1	-	1
Prin	Duignan	-	1	1
Paul	Lee	-	1	1
Nuala	Ní Dhomhnaill	-	1	1
Ifor	ap Glyn	2	-	2
Brendan	Behan	-	1	1
Dave	Duggan	1	-	1
Mick	Lally	-	1	1
Mary	Ryan	1	-	1
Ken	Bourke	-	1	1

# Playography na Gaeilge 1975-2009:


## Creidiúintí na nDrámadóirí: drámaí nua, athchóirithe/aistriúcháin

Céadainm	Sloinne	Bundrámaí	Athchóirithe/ Aistriúcháin	Líon na nDrámaí
Ríonach	Ní Néill	1	-	1
Bríd	Ó Gallchóir	-	1	1
Michael	Scott	-	1	1
Michael	Harding	1	-	1
Eamon	Morrissey	--	1	1
Brendan	Ellis	1	-	1
Siobhán	McKenna	-	1	1

### Nóta:

- As na 256 dráma Gaeilge nua chum compántais 13 díobh, mar sin níl creidiúint údair acu.
- Tá 23 dráma sa liosta mar Dhrámaí don Aos Óg agus cuimsíonn siad seo athchóirithe/aistriúcháin ó shaothair eile ar nós scéalta a scríobhtar do pháistí nó seanscéalta idirnáisiúnta.
- Rinneadh an chéad taibhiú den dráma *Oíche sa Reilig (Richard's Cork Leg)* le Breandán Ó Beacháin sa bhliain 1998, thart ar 34 bliain i ndiaidh a bháis.

### Drámadóirí de réir Inscne



### Drámaí Nua as Gaeilge

Bhí 555 drámadóir ag scríobh drámaí nua Éireannacha as Béarla don tréimhse chéanna, a léiríonn briseadh síos de réir inscne de 69% fireann; 31% baineann atá cosúil le figiúirí Playography na Gaeilge thuas.

# Playography na Gaeilge 1975-2009:

## Drámadóirí ag scríobh as Gaeilge agus as Béarla araon

	Bundrámaí as Gaeilge	Athchóirithe/Aistriúcháin as Gaeilge	Drámaí Nua as Béarla (athchóirithe/aistriúcháin san áireamh)
Antoine Ó Flatharta	6	-	6
Seán McCarthy	-	3	9
Gearóid Mac Unfraidh (Gerard Humphreys)	2	-	1
Seán Mac Mathúna	2	-	1
Tom MacIntyre	-	2	17
Tomás Mac Anna	1	1	1
Michael Harding	1	-	13
Ken Bourke	-	1	8
Michael Scott	-	1	6
Eamon Morrissey	-	1	2
Brendan Ellis	1	-	2
Lisa McGee	1	-	1
Paul Lee	-	1	1

# Playography na Gaeilge 1975-2009: Drámaí Dhátheangacha agus Trítheangacha

## DHÁT HEANGACH

**Oisín** le hEoghan Ó Tuarisc, arna léiriú ag Amharclann na Mainistreach, 1978

**Gaeilgeoirí** le hAntoine Ó Flatharta, arna léiriú ag Amharclann na Mainistreach, 1981

**Gach Neach Beo** le Tomás Mac Anna agus Eamon Morrissey, arna léiriú ag Amharclann na Mainistreach, 1984

**An Fear Bréige** le hAntoine Ó Flatharta, arna léiriú ag Deilt, 1991

**Buille an Phíce** le Brian Ó Riagáin, arna léiriú ag Amharclann de hÍde, 1997

**Pádraic Ó Conaire** le Diarmuid de Faoite, arna léiriú ag POC Productions, 2001

**Stones in his Pockets** le Gearóid Ó Cairealláin agus Séamas Mac Annaidh, arna léiriú ag Aisling Ghéar, 2008

**Broken Croí-Heart Briste** arna scríobh agus arna léiriú ag Manchán Magan, 2009

Taibhíodh na drámaí nua seo a leanas i *Playography na Gaeilge as Gaeilge agus as Béarla gach re oíche*:

**Gadaí Ghéar na Geamh-Oíche/The Winter Thief** le Seán Mac Mathúna, arna léiriú ag Amharclann na Mainistreach, 1992

**Paris, Texas** le Diarmuid de Faoite, arna léiriú ag POC Productions, 2003

## TRÍTHEANGACH

**Frongoch** le Ifor ap Glyn/ Micheál Ó Conghaile, arna léiriú ag Project Arts Centre/Llywyfan Gogledd Cymru, 2005

**Branwen** le Ifor ap Glyn/Darach Ó Scolaí, arna léiriú ag Project Arts Centre/Llywyfan Gogledd Cymru, 2006

# Playography na Gaeilge 1975-2009: Creidiúintí Taibhithe

## Stiúrthóirí leis an líon ba mhó creidiúintí

Bríd	Ó Gallchóir	13
Gearóid	Ó Cairealláin	12
Ray	Yeates	11
Darach	Mac Con Iomaire	10
Pádraig	Ó hÉanaí	9
Treasa	Uí Thiarnáin	9
Eamonn	Draper	8
Seán	Stafford	8
*Emelie	FitzGibbon	8
Tomás	Mac Anna	7
Risteárd	Ó Broin	7

\* Atá sa liosta de na stiúrthóirí ba mhó ag obair ar dhramaí nua as Béarla sa tréimhse chéanna, freisin.

## Na haisteoirí ba mhinice le feiceáil

Fireann		Baineann	
Seán	Mac Giollarnáth	Colette	Ní Éanaí
Mícheál	Ó hAinnín	Gearóidín	Nic Thomáis
Seán	Mac Íomhair	Máire	Stafford
Macdara	Ó Fátharta	Máire	Ní Ghráinne
Pádraig	Ó Tuairisc	Máire	Ní Mháille
Séamus	Ó Nualláin	Máire	Andrews
Peadar	Lamb	Fionnghuala	Ní Choincheanainn
Diarmuid	de Faoite	*Bríd	Ní Neachtain
Pádraig	Ó hÉanaí	Mary	Ryan
Darach	Ó Dubháin	Máire	Hastings

\* Atá sa liosta de na banaisteoirí ba mhinice le feiceáil i ndramaí nua as Béarla sa tréimhse chéanna, freisin.

# Plavography na Gaeilge 1975-2009: Compántais Amharclainne

Compántas	Drámaí Taibhithe
Taibhdhearc na Gaillimhe	115
Aisling Ghéar	26
Amharclann na Mainistreach	22
*Aisteoirí Bulfin	14
Amharclann de hÍde	12
Na Fánaithe	10
Deilt	10
An Damer	10
Graffiti Theatre Company	9
Branar, Comhlacht Amharclainne Oideachasúil	4
Salamandar	4
Project Arts Centre	3
AnnÓg	3
POC Productions	3
Aisteoirí Bhréanainn	3

\* Taibhithe de chuid Aisteoirí Bulfin a bhí á stiúradh ag cleachtóirí amharclainne gairmiúla.



# Plavography na Gaeilge 1975-2009:

## Ionaid

### Ionaid

An Taibhdhearc	114
Amharclann na Mainistreach	25
Cultúrlann McAdam Ó Fiaich	22
Halla an Damer	9
Town Hall Theatre	6
Project Arts Centre	6
THEatre SPACE @ the mint	4
The New Theatre	4
Andrews Lane Theatre	3
Smock Alley Theatre & Studio	3
Hawk's Well Theatre	2
Samuel Beckett Theatre	2
Amharclann Ghaoth Dobhair	2
Amharclann Chois Fharraige	1
Old Museum Arts Centre	1
The Black Box	1
Druid Lane Theatre	1
An Grianán Theatre	1

### Ionaid


AXIS - Ballymun Arts and Community Resource Centre	1
Pavilion Theatre	1
Crypt Arts Centre	1
Filmbase	1
Lyric Theatre Belfast	1
Siamsa Tíre, National Folk Theatre & Arts Centre	1

Spásanna eile neamh-amharclainne inar taibhíodh drámaí don chéad uair: 43

Is é an dráma Gaeilge is déanaí a taibhíodh don chéad uair ná *Biffo Béar* le hAodh Ó Domhnaill, léirithe ag Aisteoirí Bulfin, sa New Theatre, Baile Átha Cliath, an 15 Nollaig 2009.


# Playography na Gaeilge 1975-2009:

## Na háiteanna inar taibhíodh drámaí Gaeilge



# Playography na Gaeilge 1975-2009:

Na cineálacha drámaí a taibhíodh don chéad uair le 10 mbliana anuas



Cuimsíonn an téarma 'Drámaí Ginearálta' drámaí lánfhada agus drámaí aon-ghnímh

# Playography na Gaeilge 1975-2009: Cúlra

## Na Paraiméadair Thaighde:

Tugann *Playography na Gaeilge* eolas mionsonraithe ar gach dráma nua a taibhíodh in Éirinn, Thuaidh agus Theas, ag compántais amharclannaíochta ghairmiúla, ionaid, féilte, agus léiritheoirí tráchtála ó 1975 go 2009. Ina theannta sin cuimsíonn sé drámaí a léirigh compántais imeallacha agus eagrais leathghairmiúla, áit a gceaptar go bhfuil tábhacht ar leith ag an saothar i stór amharclannaíochta na hÉireann.

Áiríonn *Playography na Gaeilge* drámaí lánfhada, drámaí aon-ghnímh agus drámaí amharclannaíocht-san-oideachas, drámaí don aos óg, ceoldrámaíocht, athchóirithe, aistriúcháin, agus saothair sheiftithe agus réadtiomnaithe. Freisin cuimsíonn sé roinnt geamaireachtaí a gceaptar go bhfuil tábhacht ar leith acu i stór drámaí na Gaeilge. Ar chúiseanna eagarthóireachta ní féidir na nithe seo a leanas a chur san áireamh: saothar amharclannaíocht an phobail, glór-réimeanna, léamha, léirithe páirt-stáitse, drámaí a coimisiúnadh ach nár léiríodh, drámaí a foilsíodh ach nár léiríodh, ilsiamsaí, ceabairé, reacaireacht, sceitsí, ealaín taibhiúcháin, greann ar na boinn agus drámaí puipéad.

Cuirfear Céim II de *Playography na Gaeilge* i gcrích faoi 2011 agus áireofar na drámaí Gaeilge ar fad a léiríodh go gairmiúil ó 1901 – 1974 in Éirinn, Thuaidh agus Theas.

## Foinsí Eolais:

Tarraingítear an t-eolas atá i *Playography na Gaeilge* ar fhoinsí éagsúla. Tógtar tromlach an eolais ó bhunchláracha, bileoigíní agus preasráitis mar a cuireadh ar fáil iad ag na compántais amharclannaíochta agus na cartlanna. Foinsí tánaisteacha ab ea leabharlanna, gearrthóga nuachtáin, agallaimh le scríbhneoirí agus mórphearsanra eile, scrípteanna foilsithe, catalóga, suíomhanna gréasáin, irisí agus taighde acadúil. Nuair is féidir, tá 'ráiteas ar fhoirse eolais' curtha san áireamh againn do gach dráma, chun ceadú d'úsáideoirí comhthacú leis an eolas, más gá.

*Tá an-chúram glactha ag Institiúid Téatair na hÉireann i dtiomsú an eolais do Playography na Gaeilge agus don Tuarascáil seo ar Thorthaí Taighde, ach mar sin féin d'fhéadfadh earráidí nó easnaimh a bheith ann. Tá roinnt bearnaí san eolas a thugtar agus bhí sé rí-dheacair léirithe áirithe a rianú, sa tréimhse luath ach go háirithe. Fáiltíonn ITÉ roimh aiseolas maidir le heasnamh ar bith a d'fhéadfadh a bheith san eolas a thugtar. Tá suim ar leith againn cloisteáil ó scríbhneoirí nó sealbhóirí ar chearta eile nár éirigh linn a aimsiú go fóill.*

# Playography na Gaeilge 1975-2009: Cúlra

Tionscadal taighde trí bliana ab ea *Playography na Gaeilge 1975 - 2009*. Tionscnamh de chuid Institiúid Téatair na hÉireann is ea é, mar chuid den acmhainn PLAYOGRAPHYIreland.

## **Maoiniú:**

Bhíothas in ann tionscadal *Playography na Gaeilge* a rith le maoiniú ó Fhoras na Gaeilge, a bhfuil Institiúid Téatair na hÉireann fíorbhuíoch de. Faigheann Institiúid Téatair na hÉireann bunmhaoiniú ón gComhairle Ealaíon.

## **Creidiúintí:**

**Comh-Stiúirtheoirí PLAYOGRAPHYIreland:** Siobhán Bourke agus Jane Daly

**Eagarthóir Playography na Gaeilge:** Anna Bale

**Eagarthóir Comhairleach Playography na Gaeilge:** Pádraig Ó Siadhail

**Taighdeoirí:** Nóra de Buiteléir; Aifric Mac Aodha; Nóra Nic Con Ultaigh; Aoileann Ní Riain; Niall Shields agus Caroline Williams.

**Tiomsú na Tuarascála ar Thorthaí Taighde:** Jen Coppinger agus Claire O'Neill

Agus an taighde seo á thiomsú le trí bliana anuas, is iontach an cuidiú a fuair eamar ó ghníomhaireachtaí, leabharlanna, cartlanna, compántais léirithe amharclannaíochta agus daoine aonair. Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil le Deirdre Davitt ó Fhoras na Gaeilge as an tacaíocht agus spreagadh; Mairéad Ní Chinnéide; Phelim Donlon; Tony Ó Dálaigh; Mairéad Delaney agus Mairéad Lynch ó Amharclann na Mainistreach, Dermot McLaughlin ó Iontaobhas Cultúrtha Bharra an Teampaill agus Mary Clarke agus Pádraig Ó Briain ón Irish Theatre Archive, Leabharlann Cathrach Bhaile Átha Cliath, Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath. Buíochas le Marie Redmond agus Sarah Bourke ó X Communications, ár bpáirtithe teicniúla as an gcúnamh chun na staitisticí seo a thiomsú agus buíochas le Brendan Foreman agus Daragh O'Toole ó Public Communications Centre as an dearadh grafaice.

Bunaíodh Institiúid Téatair na hÉireann sa bhliain 1994, agus bíonn príomh-shruthanna gníomhaíochta na hInstitiúide ag plé le trí réimse atá scartha óna chéile ach atá comhlántach.

- i. TAIGHDE (ag díriú ar acmhainní gréasáin)
- ii. SEIRBHÍSÍ EOLAIS & TACAÍOCHTA
- iii. LÍONRAÍ IDIRNÁISIÚNTA, BOLSCAIREACHT & CUR CHUN CINN

Ag feidhmiú óna hoifigí ag 17 Sráid an Iústasaigh, Barra an Teampaill, acmhainn bhunaithe náisiúnta d'earnáil amharclannaíochta na hÉireann is ea Institiúid Téatair na hÉireann. Faigheann ITÉ cúnamh deontais ón gComhairle Ealaíon agus ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus maoiniú tionscadail ó Foras na Gaeilge agus ó Chultúr Éireann

#### **Institiúid Téatair na hÉireann**

Comh-Stiúrthóirí: Siobhán Bourke agus Jane Daly  
Bainisteoir Eolais agus Ócáidí: Jen Coppinger  
Bainisteoir Ginearálta: Claire O'Neill

Institiúid Téatair na hÉireann, 17 Sráid an Iústasaigh, Barra an Teampaill,  
Baile Átha Cliath 2, Éire  
Teil + 353 1 670 4906/670 4908 Facs + 353 1 633 4813  
R-phost: [admin@irishtheatreinstitute.ie](mailto:admin@irishtheatreinstitute.ie)  
[www.irishtheatreinstitute.ie](http://www.irishtheatreinstitute.ie)  
[www.irishplayography.com](http://www.irishplayography.com)

**Pátrúin ITÉ:** Brian Friel, Tom Hickey, Garry Hynes, Tom Murphy agus Phyllis Ryan.

**Bord ITÉ:** Siobhán Bourke, Catriona Crowe (Cathaoirleach), Loughlin Deegan, Ali FitzGibbon, Fintan O'Toole, Gavin Quinn, Mary Swords

© **Institiúid Téatair na hÉireann 2010**

